SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 2 Bealtaine, 2002.

# EALAÍN

# OBAIR CHEARDAÍOCHTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉARDAOIN, 9 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 – 12.00 TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.**

**TREORACHA**

Léigh na treoracha seo a leanas, le do thoil, agus déan iad a chomhlíonadh.

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as cibé ábhair ealaíne, uirlisí agus ábhair dearaidh is gá, chun an scrúdú a chomhlánú.

(b) Is ceart an t-eolas seo a leanas a scríobh go soiléir ar gach uile bhileog líníochta.

- ∗ D'uimhir agus do leibhéal scrúdaithe.
- ∗ Ainm do rogha ceardaíochta.
- ∗ Uimhir na ceiste a roghnaigh tú.

(c) Tabharfar clúdach trédhearcach Ceardaíochta duit ag deireadh an scrúdaithe ina gcuirfidh tú na rudaí seo a leanas

- ∗ Bileog amháin A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Caithfidh sé seo a bheith sínithe agus dátaithe ag do Mhúinteoir Ealaíne/Phríomhoide.
- ∗ Bileog amháin A2 de Réamhsceitsí agus iad aitheanta dá réir.
- ∗ Saothar amháin ceardaíochta críochnaithe.
- ∗ [Más rud é go bhfuil do shaothar ceardaíochta tríthoiseach is ceart é a chur ar an gclúdach Ceardaíochta <u>dúnta</u>.]

(1) Bileog amháin A2 de *Sceitsí Ullmhúcháin.* 0 marc.
Cúnamh don chuimhne é seo, a rinne tú i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú, agus a thug tú isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit féin. Caithfidh an bhileog a bheith sínithe agus dátaithe ag an Múinteoir Ealaíne/bPríomhoide, á dhearbhú gur leat féin amháin an obair, gan cúnamh ó aon duine. Féadfaidh rogha a bheith sna Sceitsí Ullmhúcháin de mhínithe pearsanta agus de thuairimí a bhfuil taca taighde leo agus atá bunaithe ar an gceist roghnaithe. Is féidir nótaí a chur le gach líníocht/sceitse agus ba cheart go léireoidís conas a ceapadh na smaointe don saothar Ceardaíochta. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

(2) Bileog amháin A2 de *Réamhsceitsí*. 10 marc.
Caithfidh tú an Bhileog seo a chomhlánú i gcaitheamh an scrúdaithe. Ba cheart go mbeadh <u>forbairt shuntasach sa bhreis</u> ar do chuid smaointe anseo thar mar a bhí ar do bhileog Ullmhúcháin. Ba cheart go léireodh sí na cáilíochtaí físiúla agus feidhmiúla go léir den earra ceardaíochta 2D nó 3D atá beartaithe ar nós – Cruth, Uigeacht, Tomhas, Maisiúchán agus Bailchríoch. Déan do chuid oibre go léir ar aon taobh amháin den bhileog A2. **Ní bhronnfar marcanna ar bith ar chóip dhíreach den Bhileog Ullmhúcháin.**

(3) *Saothar Ceardaíochta críochnaithe* 90 marc.
Déantar an saothar Ceardaíochta seo a chríochnú san **<u>am ceadaithe</u>** lá an scrúdaithe.

Iomlán 100 marc

## ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN DE NA CEARDAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS

**1.** **LEABHARCHEARDAÍOCHT**

Dear agus déan fillteán chun
**a)** an bailiúchán fótagraf 'Laethanta Sona' atá cnuasaithe agat a choinneáil

**nó**

Dear agus déan fillteán chun eolas a choinneáil ar
**b)** Chúrsaí 3ú leibhéal Ealaíne agus Deartha

**nó**

Dear agus déan fillteán chun
**c)** Obair Ullmhúcháin a rinne tú le haghaidh na Scrúduithe Ealaíne a choinneáil.

**2.** **PEANNAIREACHT**

**a)** Roghnaigh dán amháin díobh seo a leanas. Déan cumadóireacht mheáite agus úsáid á baint agat as litreoireacht léiritheach mar aon le híomhánna, a chuidíonn le brí an dáin a léiriú. Is féidir leas a bhaint as an dán iomlán nó as cuid den dán.

**nó**

**b)** Féadfaidh tú leas a bhaint as éagsúlacht dathanna agus teicnící uigeachta, litreoireacht ar mhéideanna éagsúla, colláis, nó leagan amach neamhchoitianta mar is cuí.

**Téacs a haon - Machnamh an Duine Dhoilíosaigh** - *Seán Ó Coileáin*

Oíche dhom go doiligh, dubhach
cois farraige na dtonn dtréan
ag léir-smaoineamh is ag lua
ar chora crua an tsaol.

Bhí an rá is na réaltaí suas,
níor chlos fuaim toinne ná trá,
is ní raibh gal ann den ghaoth
do chroithfeadh barr crainn ná bláth.

**nó**

**Téacs a dó - Reilig –** *Máirtín Ó Diréain*

Déanadh sibhse faire claí
Is seasaíg garda a fhallaí arda
Is ná tagadh siosma baoise
Ó shlí na bréige,
An fhaid atá cnámha bana
Ag comhrá le cnámh gealaí.

**3.** **PÓSTAER**

Roghnaigh **ceann amháin** de na hábhair seo a leanas:

**a) Tá an tAonach Spraoi tagtha**
**b) Gairdíní na hÉireann ar oscailt anois**
**c) Díolachán Earraí Chúl Cairr Dé Sathairn**
**d) Craobhchomórtais Chlár Scátála**
**e) Seó na bPeataí ag tosú inniu.**
**f) Níl fágtha ach 99 lá!**

Dear agus déan póstaer ina gcabhraíonn an íomhá, an dath agus an litreoireacht chun an teachtaireacht a mhíniú. Is féidir leas a bhaint as teicnící éagsúla. Is fearr litreoireacht phearsanaithe, tógtha de láimh, a úsáid.

**nó**

**CÁRTA POIST**

Iarrtar ort cárta poist a dhearadh chun **an cainéal nua raidió 'Blues FM'** a láinseáil. Is fearr litreoireacht phearsanaithe, tógtha de láimh a úsáid. Is féidir éagsúlacht cruthanna agus teicnící a úsáid.

**nó**

Dear íomhá oiriúnach do mhata luchóg ríomhaire bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

**(i) Litreacha agus Uimhreacha**
**(ii) Pinn, Pinn luaidhe, Rialóirí agus Scuaba**

4. **FÍODÓIREACHT**

Dear agus figh píosa samplach éadaigh a bheadh oiriúnach do mhála so-iompair. Bunaigh do dhearadh ar dhathanna agus ar uigeachtaí

**a) Gairdíní Monet nó b) Cuilithíní Uisce**

**nó**

Dear agus figh taipéis bheag nó brat balla bunaithe ar cheann díobh seo a leanas:

**b) Clocha duirlinge agus Bóithríní**

**c) Ilstóraigh ar Íor na Spéire**

**N.B.** Bain leas as snáthanna agus uigeachtaí éagsúla san inneach. Bain leas as dathanna, cruthanna, pátrúin agus uigeachtaí chun cur le héifeachtúlacht do dhearaidh.

5. **LÍONÓILGHEARRADH**

Dear agus déan prionta líonóile bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas.
**Cuir san áireamh gur cuid thábhachtach de do dhearadh é dath an chúlra.**
Bíodh dath amháin ar a laghad agat sa dearadh.

**a) Uirlisí na Ceirde, b) Feithidí, c) Fiántas, d) Buidéil ar chruthanna agus ar mhéideanna éagsúla.**

**N.B.** Ná cuirtear Bloic Líonóile isteach le do chlúdach ceardaíochta i dteannta na bpriontaí.

6. **PUIPÉADACHT**

Dear agus déan puipéad seasmhach, inoibrithe bunaithe ar cheann **amháin** de na carachtair seo a leanas:

**a) Ipsy Wipsy Spider**
**b) Spiorad ar fán**
**c) Lord of the Rings**

7. **SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL**

Dear agus déan prionta bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas:

**a) Páirceanna Poipíní agus Lánaí Cloigíní Gorma b) Cathair ghríobháin meaisíní**
**c) Bláthanna Tí Gloine d) Gach uile rud deas.**

Is ceart a bheith cúramach le clárú na ndathanna agus leis an bhforphriontáil.

8. **TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE**

Dear agus priontáil sampla thart ar leathmhéadar d'ábhar gréasach.
Bunaigh do dhearadh ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

**a) Odaisé Spáis b) Ghluais sí trí na páirceanna c) Steallóg, agus an t-uisce ar fud an bhaill.**
Treisigh do dhearadh trí aird a thabhairt ar fhorphriontáil, nascthacht, sreabhadh agus gluaiseacht.

9. **BAITÍC**

Dear agus déan painéal bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí seo a leanas.

**a) Solas coinnle ag imeacht as b) Ciorcail ag glioscarnach faoi na crainn c) Fáinne geal an lae**
**d) Éin ag eitilt**

Ba cheart do shaothar a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad i gcaitheamh an phróisis. Dá laghad den lámhphéinteáil dhíreach a dhéanann tú ar an bhfabraic is ea is fearr é.

10. **CRIADÓIREACHT**

Agus tú ag baint úsáide as pé teicníc is maith leat, dear, déan agus maisigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:

**a) plaic fhógartha don chaife 'An Piobar Deargthe'.** Níor cheart go mbeadh aon litreoireacht ar an bplaic.
**b) Mias chun pasta a riar.**
**c) Túirín i gcomhair anraithe.**
**d) Babhla cothaithe d'ainmhí beag chun bia soladach agus leachtanna a choinneáil.**

**NB:** Caithfidh an saothar críochnaithe agat a bheith bácáilte. Maisigh é le glónraí, le sleamhnáin, le hocsaídí etc. Is féidir ábhair chomhlántacha a chur leis ar ball. **Is ceart a bheith cúramach agus imill ghéara, chontúirteacha ar photaí glónraithe a sheachaint.**

11. **BRÓIDNÉIREACHT**

Dear agus déan **painéal bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:**

**a) Mála Éadaigh chun do chuid ábhar bróidnéireachta a choinneáil**
**b) Mála púitse Garraíodóra chun lipéid a choinneáil**
**c) Cás peann luaidhe**

**nó**

**d) dear bróiste faisin agus bláth nó feithid á léiriú ann**
**e) brat balla d'Ionad Luibhgharraíodóireachta**

Bain úsáid as trí ghreim dhifriúla ar a laghad agus teicnící éagsúla eile.

12. **SNOÍODÓIREACHT ADHMAID**

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**a) píosa snoídóireachta a sheasann leis féin ag léiriú do rogha ainmhí agus é ina chodladh.**
**b) painéal ag léiriú club oíche dar teideal 'Gealach Ghorm'**
**c) comhartha bóthair ag pointeáil i dtreo Feirm Éisc.**

Ní gá litreoireacht ar bith a thaispeáint ar an saothar críochnaithe.

13. **MIOTALÓIREACHT**

**a) Dear agus déan lógó do Chomhlacht Bia Ghasta.**

**nó**

Dear agus déan plaic chruanaithe do cheann amháin díobh seo a leanas:

**a) Trófaí do Ghradam Shármhúinteoir na Bliana**
**b) Gradam do Scríbhneoir na Bliana**
**c) Gradam do Cheardaí na Bliana.**

Ní gá aon litreoireacht a thaispeáint ar an saothar críochnaithe.

14. **MÚNLÓIREACHT**

Dear agus déan mionsamhail de phíosa dealbhóireachta i bhfoirm chruinn nó i bhfoirm rilífe – chun téama amháin díobh seo a léiriú.

**a) Dhá dTrian agus Trian**

Is ait an radharc
a fhaightear
leath bealaigh
síos an staighre
i mbus cathrach,
ag teacht anuas
is brú fút
de dhaoine
ag feitheamh
le tuirlingt;
ní fheiceann tú
den slua sa tsráid
ag dul thar bráid
ach na cosa,
agus b'fhéidir leis
an lorgain,
ag imeacht síos suas
faoi iliomad luas
in iliomad bealach,
is insíonn siúl na gcos
iliomad scéalta
ó staighre an bhus. - An Br. S. C. Ó Cearbhaill

**nó**

**An Aimsir**

An ghaoth aduaidh bíonn sí crua,
Is cuireann sí gruaim ar dhaoine:

An ghaoth aneas bíonn sí tais,
Is cuireann sí rath ar shíolta.

An ghaoth anoir bíonn sí tirim,
Is cuireann sí sioc istoíche:

An ghaoth aniar bíonn sí fial,
Is cuireann sí iasc i líonta.

**b) Arrachtach na mBrioscaí (The Cookie Monster)**

**c) Seáinín na nGiobal (Johnny fortycoats)**

**N.B.** Ba cheart do mhúnlaí a bheith déanta as cré, nó as aon ábhar a thriomaíonn go tapa. Ba cheart múnlaí cré a theilgean nó a bhácáil, agus a ghlónrú más maith leat. Is féidir ábhair bhreise a chur leis.